


An bhfuil an margadh déanta?

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin dréacht is deireanaí den socrú idir Theresa May agus an tAontas Eorpach maidir le Breatimeacht. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- warning
- backstop
- managed
- interests
- chaotic
- business leaders
- Member States
- summit meeting
- negotiations
- political declaration
- motion of no confidence



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Agus cad faoi na téarmaí seo anois? An bhfuil na leaganacha Gaeilge agat?

- Minister for Foreign Affairs
- Prime Minister
- The House of Commons
- The European Union
- United Kingdom
- Secretary of State
- Good Friday Agreement

Ceist 2

Aistrigh na leaganacha seo go Gaeilge anois:

- The British Prime Minister
- through the House of Commons
- interests of the European Union
- people of the United Kingdom
- Secretary of State for Northern Ireland
- Leaders of the European Union Member States

Féach ar an mír den dara huair. An raibh an ceart agat?

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén foláireamh atá tugtha ag an Tánaiste?
2. Cén rogha atá Theresa May ag tabhairt do mhuintir na Ríochta Aontaithe?

3. Cén fáth a raibh Karen Bradley i mBéal Feirste?
4. Cá mhéad vóta mímhuiníne atá ag teastáil chun rún mímhuiníne a thionscnamh?
5. Cad atá sa cháipéis a luaigh Emily O'Reilly?

Ceist 4

A. Éist leis an mír arís, agus breac síos na samplaí a chloiseann tú inti den aimsir fháistineach agus den mhodh coinníollach.

An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach

B. Bain úsáid as na briathra seo chun deirí na n-aimsirí sin a chur in iúl.

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
glac		
diúltaigh		
creid		
éirigh		

Ceist 5 ‘...anordúil...’

Ciallaíonn an réimír ‘an’ gan fleiscín:

- a) **in-, un-, not**, mar shampla – *antráth, anfholláin*
- b) **bad, unnatural**, mar shampla – *anduíne*
- c) **over-, excessive**, mar shampla – *ansmacht, andúileach*

Cuir na samplaí i gcló lodálach thuas in abairtí anois lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an nuacht is deireanaí faoi Bhreathimeacht?
2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith mar chuid den Aontas Eorpach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- warning – foláireamh
- backstop – cúlstad
- managed – bainistithe
- interests – leasanna
- chaotic – anordúil
- business leaders – ceannairí gnó
- Member States – Ballstáit
- summit meeting – cruinniú mullaigh
- negotiations – idirbheartaíocht
- political declaration – dearbhú polaitiúil
- motion of no confidence – rún mímhúiníne

- Minister for Foreign Affairs – Aire Gnóthaí Eachtracha
- Prime Minister – Príomh-Aire
- The House of Commons – Teach na dTeachtaí
- The European Union – An tAontas Eorpach
- United Kingdom – An Ríocht Aontaithe
- Secretary of State – Státrúnaí
- Good Friday Agreement – Comhaontú Aoine an Chéasta

Ceist 2

- The British Prime Minister – Príomh-Aire na Breataine
- through the House of Commons – trí Theach na dTeachtaí
- interests of the European Union – leasanna an Aontais Eorpaigh
- people of the United Kingdom – pobal na Ríochta Aontaithe
- Secretary of State for Northern Ireland – Státrúnaí an Tuaiscirt
- Leaders of the European Union Member States – Ceannairí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A

An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
...a thabharfaidh...	...go gcloífeadh...
...a bheas (a bheidh)...	...nach mbeadh...
...go nglacfaidh...	...a chosnódh...
...a chuirfear...	...go gcloífeadh...
Beidh...	...nach mbeadh...
...go mbeidh...	...go mbeadh...
...nach mbeidh...	...dá ndiúltófaí...
	...nach bhfoilseofaí...
	...a mbeadh...

B

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
glac	glacfaidh mé glacfaidh tú glacfaidh sé glacfaidh sí glacfaimid glacfaidh sibh glacfaidh siad glacfar	ghlacfainn ghlacfá ghlacfadh sé ghlacfadh sí ghlacfaimis ghlacfadh sibh ghlacfaidís ghlacfaí
diúltaigh	diúltóidh mé diúltóidh tú diúltóidh sé diúltóidh sí diúltóimid diúltóidh sibh diúltóidh siad diúltófar	dhiúltóinn dhiúltófá dhiúltódh sé dhiúltódh sí dhiúltóimis dhiúltódh sibh dhiúltóidís dhiúltófaí
creid	creidfidh mé creidfidh tú creidfidh sé creidfidh sí creidfimid creidfidh sibh creidfidh siad creidfear	chreidfinn chreidfeá chreidfeadh sé chreidfeadh sí chreidfimis chreidfeadh sibh chreidfidís chreidfí
éirigh	éireoidh mé éireoidh tú éireoidh sé éireoidh sí éireoimid éireoidh sibh éireoidh siad éireofar	d'éireoinn d'éireofá d'éireodh sé d'éireodh sí d'éireoimis d'éireodh sibh d'éireoidís d'éireofaí

Ceist 5

- antráth – inopportune time e.g. tharla sé in antráth
- anfholláin – unwholesome e.g. bia anfholláin a bhí ann
- anduine – inhuman/wicked person e.g. Anduine a bhí sa bhanríon in *Snow White*
- ansmacht – tyranny e.g. D'fhulaing muintir na tíre go mór faoi ansmacht na gcoilíneach
- andúileach – addict e.g. Andúileach drugaí a bhí ann

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá foláireamh tugtha ag an Tánaiste¹ agus Aire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, dóibh siúd atá ag cur i gcoinne phlean Bhreathimeachta Phríomh-Aire na Breataine, gan Theresa May a mheas faoina cumas an dréachtsocrú² a chur trí Thig³ na dTeachtaí. Ag labhairt le ceannairí gnó i Londain ar maidin, gheall Theresa May go gcloífeadh sí le téarmaí an dréachtsocraithe agus dúirt sí go raibh súil aici nach mbeadh aon ghá leis an gcúlstad.

Peadar Mac Gaoithín

Rogha lom idir margadh a thabharfaidh deis don Bhreatain an tAontas Eorpach a fhágáil ar bhealach ciallmhar bainistithe agus a chosnódh leasanna an Aontais Eorpaigh agus na Breataine; nó Breathimeacht anordúil gan aon mhargadh. Sin an rogha atá á tabhairt⁴ ag Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, do phobal na Ríochta Aontaithe, a dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, sa Bhruiséil inniu. Agus thug sé foláireamh gan Theresa May a mheas faoina cumas an dréachtsocrú, a thángthas air an tseachtain seo a chuaigh thart, a chur fríd⁵ Theach na dTeachtaí. Ag labhairt di le ceannairí gnó i Londain ar maidin, gheall Theresa May go gcloífeadh sí le téarmaí an dréachtsocraithe agus dúirt go raibh súil aici nach mbeadh aon ghá leis an chúlstad⁶. Is ar an chaidreamh a bheas⁷ ag an Bhreatain leis an Aontas Eorpach amach anseo atá a haird dírithe anois, a dúirt sí.

Dúirt Státrúnaí an Tuaiscirt, Karen Bradley, le ceannairí gnó i mBéal Feirste go mbeadh muid ar ais ag bun an dréimire arís dá ndiúltófaí don mhargadh. Tá súil go nglacfaidh Ceannairí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh leis an dréachtsocrú, ag cruinniú mullaigh speisialta sa Bhruiséil, Dé Domhnaigh. Táthar ag leanstan⁸ leis an idirbheartaíocht sa Bhruiséil faoin dearbhú polaitiúil a chuirfeadh síos ar an chaidreamh a bheas ag an Aontas Eorpach leis an Ríocht Aontaithe amach anseo. Beidh Theresa May ag súil go mbeidh an caidreamh chomh dlúth sin nach mbeidh aon ghá leis an chúlstad, le teorainn chrua ar oileán na hÉireann a sheachaint.

Níl a fhios go fóill cá mhéad litir mhímhuiníne⁹ sa Phríomh-Aire atá tugtha ar lámh ag feisirí Coimeádacha¹⁰. 48 atá ag teastáil le rún mímhuiníne a thionscnamh.

Níos luaithe inniu dúirt Ombudsman an Aontais Eorpaigh, Emily O'Reilly, nach bhfeiceann sí fáth ar bith nach bhfoilseofaí cáipéis de chuid an Aontais Eorpaigh, ina leagtar amach na bealaí a mbeadh an comhoibriú Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta i gcontúirt, a bhuíochas don Bhreathimeacht.

D'aontaigh an Taoiseach léi, agus dúirt sé gur faoin Bhreatain agus an tAontas Eorpach atá sé an cháipéis a fhoilsiú.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ ag an dTánaiste a dúradh

² dréachtshocrú a dúradh

³ Teach an leagan caighdeánach

⁴ á thabhairt a dúradh

⁵ trí an leagan caighdeánach

⁶ córas Uladh

⁷ a bheidh an leagan caighdeánach

⁸ ag leanúint an leagan caighdeánach

⁹ mímhuiníne a dúradh

¹⁰ coimheadach a dúradh